



AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach an Chláir/ Thiobraid Árann 2023

**“Keeping People Safe”**  
“Ag Coinneáil Daoine Sábháilte”



## Réamhrá an Oifigigh Roinne

Cúis áthais dom an chéad Chomhphlean Póilíneachta Rannach do An Clár/Tiobraid Árann a chur in bhur láthair. Tá na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean seo ailínithe leis na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Póilíneachta Náisiúnta 2023, agus cuirtear san áireamh freisin an t-aiseolas a fuairamar ó phobal an Chláir agus Thiobraid Árann, trínár rannpháirtíocht i bhfórait, cosúil le Comhchoistí Póilíneachta Rannach.



Chun ár n-aidhmeanna a chomhlíonadh, déanfaimid an oiread rannpháirtíochta agus comhoibríthe agus is féidir linn lenár bpobail agus oibreimid i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun an méid seo a leanas a dhéanamh: dul i ngleic le coireacht fad is atá tairbhe á baint againn as póilíneacht choisctheach; a chinntiú go bhfuil íospartaigh choireachta agus daoine leochaileacha á gcosaint; agus slándáil Stát na hÉireann a chosaint. Déanfar é seo fad is atá an eagraíocht agus an roinn i mbun athraithe agus nuálaíochta inbhuanaithe. Tá an plean seo dírithe ar Póilíneacht Phobail, agus ar choireacht a chosc agus a bhrath.

I rith 2023, leanfaimid ar aghaidh ag cur Tionscnamh Náisiúnta i bhfeidhm cosúil le hOibríocht Faoiseamh, chun tacú le híospartaigh drochíde sa teaghlach agus chun iad a chosaint, agus Oibríocht Tara chun cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhruaí, iad a bhriseadh ó chéile agus na daoine atá páirteach iontu a ionchúiseamh.

Ar an drochuair, i rith 2022 i Roinn Chónasctha an Chláir/Tiobraid Árann, cailleadh 12 dhuine ar bhóithre na roinne. D'fhonn a chinntiú nach mbíonn ar aon teaghlach eile déileáil le tragóid mar seo in 2023, beimid ag leanúint ar aghaidh lenár n-iarrachtaí, trí na hAonaid um Póilíníú Bóithre, aonaid túslíne agus oideachas, chun daoine a d'úsáidfeadh ár líonra bóithre ar bhealach a chuireann úsáideoirí bóithre eile i mbaol, a chosc agus a bhrath.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána mar thoradh ar chónascadh Roinn an Chláir agus Roinn Thiobraid Árann. Samhlaítear go mbeidh an próiseas cónasctha curtha i gcrích roimh dheireadh 2023. Ní bheidh aon tionchar diúltach ag an tionscadal seo ar an tseirbhís phóilíneachta atá á cur ar fáil i gcontae an Chláir agus i gcontae Thiobraid Árann agus creidim go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag an tionscadal ar na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu agus ar an eagraíocht féin.

Ar deireadh, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí an Gharda Síochána agus le Foireann an Gharda Síochána as a dtiomantas gairmiúil do fhreagairt phóilíneachta den chéad scoth a chur ar fáil i rith 2022.

Leanfaidh An Garda Síochána in An Clár agus Tiobraid Árann le seirbhís fhreagrúil, iontaofa agus mheasúil a chur ar fáil don phobal sa dá chontae, agus déanfaimid tréaniarracht gach ball den phobal a choinneáil sábháilte i rith 2023.

Colm O'Sullivan  
Ard-Cheannfort



## Sonraí teagmhála do Roinne – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

[Leathanach Facebook Roinne do An Clár](#)

[Leathanach Facebook Roinne do Thiobraid Árann](#)

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún                      | Uaireanta Oscailte   | Teileafón     |
|------------------------------------|-------------------------------|--|---------------|
| <b>Ranna</b>                       |                               |  |               |
| Ard-Cheannfort                     | Oifig Rannach an Chláir       | 9am-5pm Luan-Aoine   | (065) 6848111 |
| Ard-Cheannfort                     | Oifig Rannach Thiobraid Árann | 9am-5pm Luan-Aoine   | (0504) 25111  |
| <b>Ceantair</b>                    |                               |  |               |
| Ceannfort                          | An Chathair                   | 9am-5pm Luan-Aoine   | (052) 7445637 |
| Ceannfort                          | Cluain Meala                  | 9am-5pm Luan-Aoine   | (052) 6177647 |
| Ceannfort                          | Inis                          | 9am-5pm Luan-Aoine   | (065) 6848116 |
| Ceannfort                          | Cill Rois                     | 9am-5pm Luan-Aoine   | (065) 9080557 |
| Ceannfort                          | An tAonach                    | 9am-5pm Luan-Aoine   | (067) 50457   |
| Ceannfort                          | Durlas                        | 9am-5pm Luan-Aoine   | (0504) 25116  |
| Ceannfort                          | Baile Thiobraid Árann         | 9am-5pm Luan-Aoine   | (062) 80677   |
| <b>Stáisiúin</b>                   |                               |  |               |
|                                    | Ard Fhionáin                  | Amanna éagsúla idir 10am-9pm<br>Go laethúil                            | (052) 7466203 |
|                                    | Baile an Gharraí Theas        | 4pm-5pm Luan-Satharn   | (069) 68103   |
|                                    | Béal Átha Póirín              | Amanna éagsúla idir 10am-9pm<br>Go laethúil                            | (052) 7467102 |
|                                    | Baile Uí Bheacháin            | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-12pm Satharn                               | (065) 7077002 |
|                                    | An Bháinseach                 | Amanna éagsúla idir 10am-9pm<br>Go laethúil                            | (062) 54141   |
|                                    | Buiríos Uí Chéin              | 10am-1pm Luan-Satharn  | (067) 27101   |
|                                    | Buiríos Ó Luigheach           | Amanna éagsúla idir 10am-3pm<br>Go laethúil                            | (0504) 51295  |
|                                    | An Chathair                   | 24/7   | (052) 7445630 |
|                                    | An Cheapach                   | Amanna éagsúla idir 10am-9pm Luan-Aoine agus 10am-4pm Satharn-Domhnach | (062) 75202   |



|                         |  |                  |
|-------------------------|--|------------------|
| Carraig na Siúire       | 9am-1pm, 2pm-6pm agus 7pm-10pm<br>Go laethúil                                  | (051)<br>642040  |
| An Caiseal              | 9am-5pm Go laethúil  | (062)<br>75840   |
| An Chloichín            | Amanna éagsúla idir 10am-9pm<br>Go laethúil                                    | (052)<br>7465204 |
| Cluain Meala            | 24/7   | (052)<br>6177640 |
| Cloch Shiurdáin         | 10:30am-11:30am Luan-Satharn   | (0505)<br>42122  |
| Cora Finne              | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-12pm Satharn                                       | (065)<br>6837622 |
| Croisín                 | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-1pm Satharn<br>12pm-2pm Domhnach                   | (065)<br>6827122 |
| An Doladh               | 2pm-3pm Luan-Satharn   | (067)<br>25250   |
| Imleach                 | Amanna éagsúla idir 10am-9pm Luan-<br>Aoine agus 10am-4pm Satharn-<br>Domhnach | (062)<br>57157   |
| Inis                    | 24/7   | (065)<br>6848100 |
| Inis Díomáin            | 24/7   | (065)<br>7072180 |
| Fiodh Ard               | Amanna éagsúla idir 10am-5pm Luan-<br>Satharn agus 10am-3pm Domhnach           | (052)<br>6131202 |
| An Gabhailín            | Amanna éagsúla idir 10am-9pm Luan-<br>Aoine agus 10am-4pm Satharn-<br>Domhnach | (062)<br>72100   |
| Mainistir na<br>Croiche | Amanna Éagsúla   | (0504)<br>43222  |
| Cill an Dísirt          | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-1pm Satharn & Domhnach                             | (065)<br>6832102 |
| Cill Chaoi              | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-1pm Satharn & Domhnach                             | (065)<br>9056002 |
| Cill Dalua              | 10am-1pm & 5pm-8pm Luan-Aoine<br>10am-1pm Satharn & Domhnach                   | (061)<br>620540  |
| Cill Náile              | Amanna Éagsúla   | (052)<br>9156202 |
| Cill Mhichíl            | 10am-1pm Máirt - 6pm-8pm<br>Déardaoin 10am-1pm Satharn                         | (065)<br>9050002 |
| Cill Rois               | 24/7   | (065)<br>9080550 |
| Cill Síoláin            | 10am-1pm nó 2pm-5pm Go laethúil  | (052)<br>6133160 |
| Lios Dúin<br>Bhearna    | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-12pm Satharn                                       | (065)<br>7074222 |
| An Baile Beag           | Amanna Éagsúla   | (0504)<br>44395  |
| Lothra                  | 3pm-4:30pm Luan-Satharn  | (090)<br>9747002 |

# Plean Póilíneachta Rannach an Chláir/ Thiobraid Árann 2023



|  |                   |  |                  |
|--|-------------------|--|------------------|
|  | Sráid na Cathrach | 10am-1pm Luan-Aoine<br>10am-12pm Satharn | (065)<br>7084222 |
|--|-------------------|--|------------------|

|  |                               |  |                  |
|--|-------------------------------|--|------------------|
|  | Muine Gall                    | Amanna éagsúla Luan-Satharn<br>10am-1pm Domhnach   | (0505)<br>45202  |
|  | Muileann na hUamhan           | 10am-1pm nó 2pm-5pm Go laethúil  | (052)<br>6153100 |
|  | An tAonach                    | 24/7   | (067)<br>50450   |
|  | Cora Chaitlín                 | 10am-1pm agus 2pm-6pm Go laethúil  | (061)<br>368172  |
|  | Baile Uí Fhiacháin            | 9:30am-10:30am & 8pm-9pm<br>Luan-Satharn   | (061)<br>378102  |
|  | An Port Rua                   | 3:30pm-4:30pm Luan-Satharn   | (067)<br>23255   |
|  | Ros Cré                       | 24/7   | (0505)<br>21700  |
|  | An Scairbh                    | 10am-1pm Go laethúil   | (061)<br>922790  |
|  | Sionainn                      | 24/7   | (061)<br>365900  |
|  | Droichead Abhann Ó gCearnaigh | 10am-1pm & 2pm-6pm Luan-Aoine<br>10am-1pm & 2pm-9pm Satharn<br>10am-1pm & 2pm-6pm Domhnach | (061)<br>369133  |
|  | An Teampall Mór               | 24/7   | (0504)<br>32630  |
|  | Teampall Tuaithe              | 10am-11am nó 2pm-3pm Luan-Aoine<br>10am-1pm nó 2pm-3pm Satharn                             | (0504)<br>53202  |
|  | Durlas                        | 24/7   | (0504)<br>25100  |
|  | Baile Thiobraid Árann         | 24/7   | (062)<br>80670   |
|  | Tuaim Uí Mheára               | 10am-11am Luan-Satharn   | (067)<br>26002   |
|  | An Tulach                     | 2:30pm-3:30pm Luan-Satharn   | (065)<br>6835103 |

Tá eolas maidir le hOifigigh Éagsúlachta le fáil [anseo](#)

Tá eolas maidir le hoifigigh Coiscthe Coireachta na Roinne le fáil [anseo](#), nó is féidir gaoch ar: 065-6848161 nó 0504-25100

Tá eolas maidir le cigirí Imeaglaithe bainteach le drugaí na Roinne le fáil [anseo](#)



## 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

### Spriocanna Náisiúnta

1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh inní don phobal.

1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu.

1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail.

### Torthaí Roinne

Cabhróidh an tsamhail chaighdeánaithe seo de phóilíneacht phobail linn dlúthnasc a bhunú leis na daoine a bhfuilimid ag freastal orthu, rátaí coireachta agus costais ghaolmhara a laghdú. Feabhsóidh sé seo cáil Roinn an Chláir/Thiobraid Árann mar áit le gnó a dhéanamh inti, cónaí inti agus cuairt a thabhairt uirthi.

Beidh aithne ag daoine as gach pobal, agus go háirithe daoine éagsúla agus as pobail mhionlaigh, ar An Garda Síochána agus beidh muinín acu as na Gardaí rud a chiallóidh go mbeidh siad níos muiníní chomh fada is a bhaineann le haon choir a thuirisciú.

Cabhrófar le teaghlach agus le daoine atá ag déileáil le himeaglú tríd an gclár um imeaglú bainteach le drugaí ar mhaithe le Cearta an Duine gach íospartach d'imeaglú bainteach le drugaí a chosaint.

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair   | Modh | Obair  | Modh |
|---|------|--|------|
| Leanúint ar aghaidh leis an tSamhail Phóilíneachta Pobail a rolladh amach i Roinn an Chláir/Thiobraid Árann agus leis an rannpháirtíocht le comhpháirtithe pobail chun tacú le sábháilteacht an phobail i Roinn an Chláir/Thiobraid Árann |      | Idirchaidreamh le húdaráis áitiúla, fíoncheannaithe agus gnóthaí áitiúla i ndáil le hiompar frithshóisialta. Oifigigh Coiscthe Coireachta chun tacú le Coireacht Fuatha a thuirisciú |      |
| Níos mó rannpháirtíochta lenár gcomhpháirtithe pobail agus le tionscnaimh de chuid an Gharda Síochána chun tacú le pobail   |      | Cláir feasachta agus oideachais i Scoileanna EG. Sábháilteacht Uisce.  |      |
| Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Alcóil  |      | Cruinnithe poiblí le grúpaí Éagsúlachta chun tacú le Coireacht Fuatha a thuirisciú.  |      |



## 2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

### Spriocanna Náisiúnta

2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhínicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo.

2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú.

2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Torthaí Roinne

Beidh ár gcur chuige póilíneachta bunaithe ar fhaisnéis á fheabhsú trí acmhainn anailíseach nua-aimseartha, a bheith ag súil le agus ag freagairt do choireacht ag gach leibhéal. Cuirfear é seo i bhfeidhm trí oibríochtaí oiriúnacha agus comhoibriú inmheánach.

Beidh an cumas calaois agus coireanna cibearchumasaithe a chosc agus a bhrath feabhsaithe do chomhaltaí den Gharda Síochána trí oiliúint agus idirchaidreamh le ranna speisialaithe. Leanfar ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara poiblí chun comhairle cothrom le dáta maidir le cosc ar choireacht a chur ar fáil.

Táthar ag déileáil ar bhonn réamhghníomhach le coireacht eagraithe agus le tromchoireacht.

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair   | Modh |
|---|------|
| Patróil curtha i gcrích sa Roinn  |      |
| Oibríochtaí Spriocdhírthe le haghaidh na gcionta atá ag déanamh an méid is mó inní do phobail   |      |
| Príomhtháscaire   |      |
| Aiseolas ón na Comhchoistí Póilíneachta agus Sábháilteacht an Phobail                           |      |
| Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána   |      |
| Laghdú ar choireacht áitiúil (cosúil le cionta oird phoiblí agus coireacht bainteach le drugaí) |      |

| Obair   | Modh |
|---|------|
| Comhairle maidir le Cosc ar Choireacht don phobal           |      |
| Oiliúint dea-chleachtas do gach comhalta                    |      |
| Príomhtháscaire   |      |
| Laghdú ar an líon coireanna calaoise agus cibearchumasaithe |      |
| Laghdú ar chionta Robála, Buirgléireachta agus Calaoise     |      |
| Méadú ar bhraith agus ionchúiseamh                          |      |



### 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn.

#### Spriocanna Náisiúnta

3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe.

3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuirisciú staitistiúil coireachta.

3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile.

#### Torthaí Roinne

Tairbhe a bhaint as cur chuige atá dírithe ar an íospartach chun daoine a choinneáil sábháilte agus chun daoine leochaileacha a chosaint.

Tomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire leabaithe, an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'íospartaigh a fheabhsú, cleachtas imscrúdaitheach agus forbairt beartais.

Bóithre níos sábháilte dár n-úsáideoirí bóithre ar fad trí oideachas agus forfheidhmiú i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla.

### 3. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair  | Modh | Obair  | Modh |
|--|------|--|------|
| Teagmháil le déanamh le híospartaigh drochíde sa teaghlach go tapa agus ar bhealach oiriúnach  |      | Tuarascálacha PTF a úsáid mar uirlis chun gach cineál coire a thomhas  |      |
| Faisnéis Tacaíochta Íospartaigh curtha ar fáil d'íospartaigh   |      | Rannpháirtíocht le Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch maidir le dea-chleachtas chun Cibearchoireacht agus calaois ar líne a Imscrúdú |      |
| Idirchaidreamh le comhlachtaí Reachtúla cosúil le Tusla  |      | Brath cionta spriocdhírthe sábháilteacht ar bhóithre   |      |
| <b>Príomhtháscaire</b>   |      | <b>Príomhtháscaire</b>   |      |
| Teagmháil le agus cosaint íospartach Drochíde sa teaghlach   |      | Laghdú ar Imbhualtí tráchta agus gortuithe tromchúiseacha  |      |
| Rátaí sástachta feabhsaithe tuairiscithe ag baill den phobal ar íospartaigh choireachta iad, maidir leis an leibhéal tacaíochta atá faighte acu. |      | Ardleibhéal feidhmíochta i ngach ceantar/réimse feidhme chomh fada is a bhaineann le hathghlaonna agus faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh choireachta.      |      |





## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

### Spriocanna Náisiúnta

4.1 Cur chun feidhme leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú.

4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála.

4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu.





### Torthaí Roinne

Aon bhagairt don Stát coiscthe/cuireadh isteach ar a leithéid.

A chinntiú go bhfuil roinn an Chláir/Thiobraid Árann ullmhaithe chun déileáil le móréigeandálaí.

Aon bhagairt sceimhlitheoireachta nó ó ghníomhaithe naimhdeacha coiscthe/cuireadh isteach orthu.

## 4. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair  | Modh  | Obair   | Modh  |
|--|---|---|---|
| Oibriú le gníomhaireachtaí faisnéise ag leibhéal idirnáisiúnta   |  | Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis                                 |  |
| Rannpháirtíocht leantach le gach páirtí leasmhar agus pleanáil do Tharluithe MEM                           |  | Foinsí faisnéise a mhéadú, ag leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta |  |
| Príomhtháscaire  |   | Príomhtháscaire   |   |
| Faisnéis a roinnt ag scála níos mó, ag leibhéal idirnáisiúnta agus trí ghníomhaireachtaí póilíneachta eile |   | Níos mó ratha ar oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis                |   |
| Cleachtaí oiliúna a shainaithníonn réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú chomh fada is a bhaineann le MEM      |   | Ullmhacht maidir le MEM   |   |



## 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

### Spriocanna Náisiúnta

5.1 Acmhainn agus cumas athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme.

5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais.

### Torthaí Roinne

Athrú curtha i bhfeidhm go rathúil i ndáil le tionscadail nuachóirithe agus tionscnaimh chultúrtha a bhfuil sé mar aidhm leo na seirbhísí atá á gcur ar fáil don phobal a fheabhsú.

Rialachas feabhsaithe acmhainní agus comhoibriú éifeachtach, caighdeánaithe le páirtithe leasmhara pobail.

Úsáid bainte as cur chuige atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

## 5. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair  | Modh |
|--|------|
| Réimsí feidhme a chur i bhfeidhm laistigh den Roinn          |      |
| Freastal ar imeascadh Pobail le samhail oibriúcháin nua      |      |
| Príomhtháscaire  |      |
| Sástacht an phobail le réimsí feidhme laistigh den Roinn nua |      |
| Comhfhreagras agus Pleanáil feabhsaithe trí róil riaracháin  |      |

| Obair   | Modh |
|---|------|
| Rannpháirtíocht le tionscnaimh fuinnimh inmharthana   |      |
| Acmhainn riaracháin mhéadaithe trí thionscadail athraithe TFC a úsáid   |      |
| Príomhtháscaire   |      |
| Feithiclí leictreacha le lorg más féidir  |      |
| Róil riaracháin á gcomhlíonadh ag sibhialtaigh, agus ath-implonú comhaltáí den Gharda Síochána chuig dualgais túslíne |      |



## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

### Spriocanna Náisiúnta

E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach.

E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine.

### Torthaí Roinne

Cúrsaí oiliúna déanta ag pearsanra chun tacú lena ról agus chun soláthar seirbhíse a fheabhsú.

Tacaíocht curtha ar fáil do shláinte agus folláine phearsanra an Gharda Síochána i Roinn an Chláir/Thiobraid Árann.



## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

### Spriocanna Náisiúnta

E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcuir chuige ildisciplíneacha a fheabhsú.

E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha.

### Torthaí Roinne

Cur chuige comhpháirtíochta feabhsaithe maidir le póilíneacht le béim ar leith ar rannpháirtíocht le daoine óga agus páirtithe leasmhara meabhairshláinte.

Cur chuige comhpháirtíochta feabhsaithe maidir le póilíneacht.



## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthro a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

### Spriocanna Náisiúnta

E3.1 Rannpháirtíocht dhéthro le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint.

E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó

### Torthaí Roinne

Rannpháirtíocht feabhsaithe le riachtanais pobal agus meastóireacht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht íospartaigh agus fóraim phobail.

Tacaíocht feabhsaithe do phearsanra i Roinn an Chláir/Thiobraid Árann.



## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

### Spriocanna Náisiúnta

E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú.

E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach.

### Torthaí Roinne

Póilíneacht eiticíúil agus ghairmiúil feabhsaithe.

Struchtúir bhainistíochta agus éifeachtúlacht phróiseála feabhsaithe i Roinn an Chláir/Thiobraid Árann chun tacú le póilíneacht. Ualach riaracháin laghdaithe mar bhonn le níos mó acmhainní túsline.



## Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

### Spriocanna Náisiúnta

E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt.

E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaí ag athbhreithniú seachtrach.

### Torthaí Roinne

Tacaíocht theicneolaíoch feabhsaithe do phóilíneacht, cianbhainistíocht pearsanra a chumasú, próiseáil níos tapa agus cumas feabhsaithe acmhainní an Gharda Síochána a bhainistiú.

Cáilíocht sonraí feabhsaithe chun tacú le cinní póilíneachta oibríochtúla.



## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| An Cineál Tacaíochta                            | Ainm   | Suíomh Gréasáin   | Ríomhphost   | Teileafón                            |
|---|--|---|--|--------------------------------------|
| Comhlachtaí Pobail (Eagraíocht Neamhrialtasach) | Foláireamh Téacs agus Faisnéis Tuaithe Pobail          | <a href="http://www.garda.ie">www.garda.ie</a>  |  | Stáisiún Áitiúil an Gharda Síochána  |
|   | Líne Chabhrach Teagasc                                 | <a href="http://www.teagasc.ie">www.teagasc.ie</a>                                    | <a href="mailto:info@teagasc.ie">info@teagasc.ie</a>                                   | 059 917 0200                         |
|   | ICMSA  | <a href="http://www.icmsa.ie">www.icmsa.ie</a>  | <a href="mailto:info@icmsa.ie">info@icmsa.ie</a>                                       | 061 314677                           |
|   | MAP Alerter  | <a href="http://www.mapalerter.ie">www.mapalerter.ie</a>                              | <a href="http://www.clarecoco.ie">www.clarecoco.ie</a>                                 | 065 6821616                          |
|   | MAP Alerter  | <a href="http://www.mapalerter.ie">www.mapalerter.ie</a>                              | <a href="http://www.tipperarycoco.ie">www.tipperarycoco.ie</a>                         | 0818065000                           |
|   | Foláireamh Téacs an Chláir Thoir                       | <a href="http://www.eastclaretextalert.com">www.eastclaretextalert.com</a>            | <a href="mailto:info@eastclaretextalert.com">info@eastclaretextalert.com</a>           | 061 922790                           |
|   | Muintir na Tíre  | <a href="http://www.muintir.ie">www.muintir.ie</a>                                    | <a href="mailto:info@muintir.ie">info@muintir.ie</a>                                   | 062 51163                            |
| Tacaíocht d'Íospartaigh                         | An tIonad Éigeandála um Éigniú                         | <a href="http://www.drcc.ie">www.drcc.ie</a>  | <a href="mailto:info@rcc.ie">info@rcc.ie</a>   | 1800778888                           |
|   | Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt                      | <a href="http://www.vvac.ie">www.vvac.ie</a>  | <a href="mailto:info@vsac.ie">info@vsac.ie</a>   | 01 8726785                           |
|   | Líne chabhrach d'Íospartaigh choireachta               | <a href="http://www.crimevictimshelp.ie">www.crimevictimshelp.ie</a>                  |  | 116006                               |
|   | Seirbhísí d'Íospartaigh                                | <a href="http://www.garda.ie">www.garda.ie</a>  | <a href="mailto:Tipperary.VictimService@garda.ie">Tipperary.VictimService@garda.ie</a> | 0504 32636                           |
|   | Cúnamh do Mhná   | <a href="http://www.womensaid.ie">www.womensaid.ie</a>                                | <a href="mailto:info@womensaid.ie">info@womensaid.ie</a>                               | 1800341900                           |
| Tacaíocht Drugaí & Andúile                      | Alcóláigh gan Ainm                                     | <a href="https://www.alcoholicsanonymous.ie/">https://www.alcoholicsanonymous.ie/</a> | <a href="mailto:gso@alcoholicsanonymous.ie">gso@alcoholicsanonymous.ie</a>             | 018420700                            |
|   | Aiséirí na Cathrach                                    | <a href="http://www.aiseiri.ie">www.aiseiri.ie</a>                                    | <a href="mailto:info@aiseiri.ie">info@aiseiri.ie</a>                                   | 052 7441166                          |
|   | Bushypark  | <a href="http://www.bushypark.ie">www.bushypark.ie</a>                                | <a href="mailto:bushyparkhouse@clarecare.ie">bushyparkhouse@clarecare.ie</a>           | 0656840944                           |
| Tacaíocht Éagsúlachta                           | Cairt um an Éagsúlacht na hÉireann                     | <a href="http://www.diversitycharter.ie">www.diversitycharter.ie</a>                  | <a href="mailto:info@diversitychrter.ie">info@diversitychrter.ie</a>                   |                                      |
|   | <i>LGBT Ireland</i>                                    | <a href="http://www.lgbt.ie">www.lgbt.ie</a>  | <a href="mailto:info@bronntanas.org">info@bronntanas.org</a>                           | 1800 929539                          |
| Tacaíocht do Dhaoine Óga                        | Seirbhís Óige an Chláir                                | <a href="http://www.headsupclare.ie">www.headsupclare.ie</a>                          |  | 065 6845350                          |
|   | Obair don Óige Thiobraid Árann                         | <a href="http://www.youthworktipperary.ie">www.youthworktipperary.ie</a>              | <a href="mailto:info@youthworktipperary.ie">info@youthworktipperary.ie</a>             | 0504 23426                           |
|   | BOO Thiobraid Árann                                    | <a href="http://www.tipperary.etb.ie">www.tipperary.etb.ie</a>                        | <a href="mailto:nenagh@Tipperaryetb.ie">nenagh@Tipperaryetb.ie</a>                     | 067 31845                            |
| Meabhairshláinte                                | Na Samáraigh   | <a href="http://www.samaritans.org">www.samaritans.org</a>                            | <a href="mailto:jo@samaritans.ie">jo@samaritans.ie</a>                                 | 01 6710071                           |
|   | FSS  | <a href="http://www.hse.ie">www.hse.ie</a>  | <a href="mailto:info@hse.ie">info@hse.ie</a>   | 1800700700                           |
|   | Jigsaw   | <a href="http://www.jigsaw.ie">www.jigsaw.ie</a>                                      | <a href="mailto:tipperary@jigsaw.ie">tipperary@jigsaw.ie</a>                           | 0504 60023                           |
|   | <i>Heads up</i>  | <a href="http://www.headsupclare.ie">www.headsupclare.ie</a>                          |  | 065 6863701                          |
|   | Meabhairshláinte Éireann                               | <a href="http://www.mentalhealthireland.ie">www.mentalhealthireland.ie</a>            | <a href="mailto:info@mentalhelthireland.ie">info@mentalhelthireland.ie</a>             | 01 2841166                           |
| Tacaíochtaí Airgeadais                          | MABS (An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid) | <a href="https://mabs.ie/">https://mabs.ie/</a>                                       | <a href="mailto:northmunster@mabs.ie">northmunster@mabs.ie</a>                         | 0818 07 2000<br>WhatsApp: 086 035341 |























## Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha   | Bearta   |
|---|--|
| <p><b>Pobal -</b></p> <p>Leanúint ar aghaidh le <b>naisc le pobail a neartú, oibriú i gcomhpháirt</b> chun daoine a choinneáil sábháilte</p>  | <ul style="list-style-type: none"> <li>An céatadán freagróirí a thuiriscíonn go bhfuil siad sásta le Seirbhís Áitiúil an Gharda Síochána.</li> <li>An céatadán freagróirí atá den tuairim nach ndéileálann An Garda Síochána le nithe tábhachtacha sa phobal.</li> <li>An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaitheann Gardaí le gach duine sa phobal go cothrom is cuma cé hiad féin.</li> <li>An céatadán freagróirí a thuiriscíonn go n-éistean An Garda Síochána leis na hábhair atá ag déanamh inní do dhaoine áitiúla.</li> <li>An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leat má bhí aon teagmháil acu leo.</li> <li>An céatadán freagróirí atá den tuairim go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar an bpobal.</li> </ul>  |
| <p><b>Dul i nGleic le Coireacht &amp; Póilíneacht Choisctheach –</b></p> <p>A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis</p> | <ul style="list-style-type: none"> <li>An céatadán freagróirí atá den tuairim gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht sa cheantar áitiúil.</li> <li>An céatadán freagróirí a bhfuil inní orthu gur íospartach cibearchoireachta a bheidh iontu féin nó aon duine atá ina gcónaí leo.</li> <li>An céatadán freagróirí a bhfuil an leibhéal coireachta ginearálta ag déanamh inní dóibh.</li> <li>An céatadán freagróirí nach bhfuil aon tionchar ag an mbaol a bhaineann le coireacht ar a gcaighdeán saoil.</li> <li>An céatadán freagróirí atá airdeallach ar phatróil an Gharda Síochána.</li> <li>An céatadán freagróirí a thug le fios gur íospartach de choireacht den chineál céanna iad roinnt uaireanta le 12 mhí anuas.</li> <li>An céatadán freagróirí a shonraigh go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar chearta an duine.</li> <li>An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána éifeachtach chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic le coireacht.</li> <li>An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil láithreach an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil oiriúnach.</li> <li>An céatadán freagróirí a shíleann gur féidir brath ar na Gardaí ina gceantar áitiúil nuair a bhíonn siad ag teastáil.</li> </ul> |
| <p><b>Íospartaigh &amp; Daoine Leochailleacha –</b></p> <p>Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus <b>gach duine</b> leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn</p>                                 | <ul style="list-style-type: none"> <li>An céatadán íospartach atá réasúnta sásta nó an-sásta leis an tslí ar dhéileáil An Garda Síochána lena gcás.</li> <li>An céatadán íospartach a thuiriscigh an cineál coireachta is déanaí ar dhéileáil siad leis.</li> <li>An céatadán freagróirí a thuiriscigh, i ndáil leis an teagmhas is déanaí ar dhéileáil siad leis, gur dhéileáil na Gardaí leis an teagmhas go tapa nuair a tuairiscíodh an teagmhas ar dtús.</li> <li>An céatadán freagróirí a thug le fios go ndearna An Garda Síochána teagmháil leo i ndiaidh dóibh a dteagmhas is déanaí a thuirisciú.</li> </ul>   |
| <p><b>Athrú &amp; Nuálaíocht Inbhuanaithe –</b></p> <p>Tacú le cultúr <b>d'fheabhas leanúnach</b> agus a leithéid de chultúr a spreagadh, <b>nuálaíocht</b> agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú</p>  | <ul style="list-style-type: none"> <li>An céatadán de fheagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach.</li> </ul>   |
| <p><b>Cumasóirí –</b></p> <ol style="list-style-type: none"> <li>Daoine &amp; Cuspóir</li> <li>Comhpháirtíochtaí</li> <li>Rannpháirtíocht</li> <li>Cumhachtú &amp; Iontaoibh</li> <li>Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis</li> </ol>  | <ul style="list-style-type: none"> <li>An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána á bhainistiú go héifeachtach.</li> <li>An céatadán freagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil An Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfuil sé ag freastal orthu.</li> <li>An céatadán freagróirí a thuiriscíonn go bhfuil leibhéal meánach - ard iontaoibhe acu as An Garda Síochána.</li> </ul>   |



**Banc Deilbhíní**

| Ciall   | Deilbhín   |
|---|--|
|    | Cruinniú fíorúil                                     |
|    | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta aige |
|    | Teileafón  |
|    | Ríomhphost   |
|    | Post   |
|    | Raidió   |
|    | Teilifís   |
|    | Trí na meáin shóisialta                              |
|    | Feachtais sna Meáin                                  |
|    | Oiliúint   |
|    | Trí chórais chorparáideacha                          |
|   | Gardaí i láthair go pearsanta                        |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí                                 |
|  | CCTV   |
|  | De shiúl na gcos                                     |
|  | Ar rothar  |
|  | Le Carranna  |
|  | Ar Ghluaisrothar                                     |
|  | Ar bhusanna  |
|  | Ar thraenacha  |



Ard-Cheannfort,  
Colm O' Sullivan

Inis

(065) 6848111